# Foilsiú leasaithe chaighdeánaigh fhormheasta, ar leasú é ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint san earnáil táirgí talmhaíochta agus bia-earraí, dá dtagraítear in Airteagal 6b(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún

(C/2024/779)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 6b(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE AINMNIÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁISC GHEOGRAFAIGH FAOI CHOSAINT DE THIONSCNAMH BALLSTÁIT A CHUR IN IÚL

**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

**'Miele delle Dolomiti Bellunesi'**

**Uimh. AE: PDO-IT-0776-AM01 – 28.9.2023**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm an táirge**

   'Miele delle Dolomiti Bellunesi'

2. **An Ballstát ina bhfuil an limistéar geografach**

   An Iodáil

3. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

   MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta]

   —

4. **Tuairisc ar an leasú (na leasuithe) formheasta**

   *Míniú go dtagann an leasú (na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012*

   Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá ndéantar foráil in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ós rud é

   nach mbaineann siad le hainm an ainmniúcháin

   nach n-athraíonn siad an nasc

   nach ngabhann tuilleadh srianta leo maidir le margú an táirge.

1. *Leasú a bhaineann le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge.*

   An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

   'Airteagal 1 Ainm an táirge

   Coinnítear an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' le haghaidh mil a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 agus a liostaítear sa tsonraíocht táirge seo.'

   Leagan nua:

   'Airteagal 1 Ainm an táirge

   Coinnítear an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' le haghaidh mil a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo.'

([1]) IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

Cúis

Scriosadh an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 atá imithe i léig anois.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Airteagal 2 den tsonraíocht táirge (Tuairisc ar an táirge); pointe 3.2 den doiciméad aonair Na cineálacha 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise) agus Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile) a chur leis*

Sonraíocht táirge

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

Táirgtear 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' as neachtar ó bhláthanna i réigiún sléibhtiúil Belluno ag an éicitíopa áitiúil *Apis mellifera*, a thagann as crosphórú nádúrtha fospeiceas éagsúil beach meala, beach na hIodáile agus beach mheala Carniola go príomha; le himeacht ama, tá sí tar éis dul in oiriúint go han-mhaith do shaintréithe na timpeallachta sléibhtiúla i réigiún Belluno agus tá sí in ann táirgeachtaí maithe meala a sholáthar.

Ag brath ar na speicis luibheolaíocha éagsúla a thagann i mbláth i gcéimeanna difriúla le linn na tréimhse táirgthe, déantar idirdhealú idir na cineálacha 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a leanas:

Millefiori (bláth fiáin),

Acacia (Acáise),

Tiglio (Teile),

Castagno (Crann cnó capaill),

Rododendro (Róslabhras)

Tarassaco (Caisearbhán).'

Leagan nua:

'Táirgtear 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' as neachtar ó bhláthanna agus ó dhrúchtín meala i réigiún sléibhtiúil Belluno ag an éicitíopa áitiúil *Apis mellifera*, a thagann as crosphórú nádúrtha fospeiceas éagsúil beach meala, beach na hIodáile agus beach mheala Carniola go príomha; le himeacht ama, tá sí tar éis dul in oiriúint go han-mhaith do shaintréithe na timpeallachta sléibhtiúla i réigiún Belluno agus tá sí in ann táirgeachtaí maithe meala a sholáthar.

Ag brath ar na speicis luibheolaíocha éagsúla a thagann i mbláth i gcéimeanna difriúla le linn na tréimhse táirgthe, nó as a dtagann drúchtín meala, déantar idirdhealú idir na cineálacha 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a leanas:

Millefiori (bláth fiáin),

Acacia (Acáise),

Tiglio (Teile),

Castagno (Crann cnó capaill),

Rododendro (Róslabhras)

Tarassaco (Caisearbhán)

Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise)

Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile).'

Doiciméad Aonair

Pointe 3.2

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

Táirgtear 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' as neachtar ó bhláthanna agus ó dhrúchtín meala i réigiún sléibhtiúil Belluno ag an éicitíopa áitiúil *Apis mellifera*, a thagann as crosphórú nádúrtha fospeiceas éagsúil beach meala, beach na hIodáile agus beach mheala Carniola go príomha; le himeacht ama, tá sí tar éis dul in oiriúint go han-mhaith do shaintréithe na timpeallachta sléibhtiúla i réigiún Belluno agus tá sí in ann táirgeachtaí maithe meala a sholáthar. Ag brath ar na speicis luibheolaíocha éagsúla a thagann i mbláth i gcéimeanna difriúla le linn na tréimhse táirgthe agus ar na bláthfhoinsí dá thoradh sin, déantar idirdhealú idir na cineálacha 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a leanas: Millefiori (bláth fiáin), Acacia (Acáise), Tiglio (Teile), Castagno (Crann cnó capaill), Rododendro (Róslabhras) agus Tarassaco (Caisearbhán).'

Leagan nua:

'Táirgtear 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' as neachtar ó bhláthanna agus ó dhrúchtín meala i réigiún sléibhtiúil Belluno ag an éicitíopa áitiúil *Apis mellifera*, a thagann as crosphórú nádúrtha fospeiceas éagsúil beach meala, beach na hIodáile agus beach mheala Carniola go príomha; le himeacht ama, tá sí tar éis dul in oiriúint go han-mhaith do shaintréithe na timpeallachta sléibhtiúla i réigiún Belluno agus tá sí in ann táirgeachtaí maithe meala a sholáthar. Ag brath ar na speicis luibheolaíocha éagsúla a thagann i mbláth i gcéimeanna difriúla le linn na tréimhse táirgthe, nó as a dtagann drúchtín meala, déantar idirdhealú idir na cineálacha 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a leanas: Millefiori (bláth fiáin), Acacia (Acáise), Tiglio (Teile), Castagno (Crann cnó capaill), Rododendro (Róslabhras), Tarassaco (Caisearbhán), Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise) agus Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile).'

Cúis

Leis an leasú seo, cuirtear na cineálacha ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a fuarthas ón drúchtín meala atá le fáil i gceantair choillteacha an limistéir táirgthe leis, ar cineálacha iad nach n-áirítear sa tsonraíocht táirge atá i bhfeidhm faoi láthair.

Níor cuireadh na cineálacha meala sin san áireamh tráth an chlárúcháin ós rud é nach raibh mórán spéise ag tomhaltóirí i dtáirgí den sórt sin.

Le blianta beaga anuas, áfach, tá éileamh níos mó agus níos mó ar na cineálacha sin meala agus is é sin an fáth a chinn táirgeoirí iad a chur san áireamh sa tsonraíocht táirge.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

3. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair*

Sonraíocht táirge agus doiciméad aonair

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'A. Saintréithe ceimi-fhisiceacha

Ní mór do na cineálacha éagsúla 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' na saintréithe ceimi-fhisiceacha a leanas a thaispeáint:

| | |
|---|---|
| Cion HMF (arna scaoileadh lena thomhailt) | <10 mg in aghaidh an kg' |

Leagan nua:

'A. Saintréithe ceimi-fhisiceacha

Ní mór do na cineálacha éagsúla 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' na saintréithe ceimi-fhisiceacha a leanas a thaispeáint:

| | |
|---|---|
| Cion HMF (ar phacáistíocht i gcrúscaí) | ≤ 10 mg/kg |
| Uisce | ≤ 18 %' |

Cúis:

Athraíodh an pointe ar a dtomhaistear an cion hiodrocsaimeitiolfúrfúrail (HMF) in ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' chun ráthaíocht níos fearr a thabhairt maidir le húire an táirge agus é pacáilte i gcrúscaí. Athraíodh an méid freisin agus is ≤ 10 mg/k atá anois ann.

Socraíodh an cion uisce ar leibhéal aonfhoirmeach le haghaidh gach cineál ATFC ‘Miele delle Dolomiti Bellunesi’, ós rud é nach bhfuil ach éagsúlacht fíorbheag ann i measc na gcineálacha difriúla lena mbaineann.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

4. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair maidir le saintréithe ceimi-fhisiceacha*

Scriosadh an tábla seo a leanas as an tsonraíocht táirge agus as an doiciméad aonair

| ‘An cineál meala | Uisce (%) | | pH | | Fruchtós + glúcós (%) | | Siúcrós (%) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Íos, | Uas, | Íos, | Uas, | Íos, | Uas, | Íos, | Uas, |
| Millefiori (bláth fiáin) | 15 | 18 | 3,4 | 4,4 | 69 | 78 | 0 | 3,8 |
| Acáise (Acacia) | 15 | 18 | 3,7 | 4,1 | 61 | 77 | 0 | 10 |
| Tiglio (Teile) | 16,5 | 17,8 | 4,0 | 4,1 | 67 | 70 | 0,8 | 4,6 |
| Castagno (Crann cnó capaill) | 16,5 | 18 | 4,4 | 5,8 | 61 | 74 | 0 | 2,4 |
| Rododendro (Róslabhras) | 16 | 17,7 | 3,7 | 4,2 | 65 | 72 | 0,1 | 0,7 |
| Tarassaco (Caisearbhán) | 17 | 18 | 4,3 | 4,7 | 37,8 | 38,5 | 0,1 | 0,4’ |

Cúis:

Scriosadh na paraiméadair cheimi-fhisiceacha le haghaidh pH, fruchtóis + glúcóis agus siúcróis ós rud é, tar éis roinnt tástálacha anailíseacha i gcaitheamh na mblianta, lenar léiríodh nach raibh na leibhéil sa tábla oiriúnach chun ATFC ‘Miele delle Dolomiti Bellunesi’ a shaintréithriú go leordhóthanach.

Ina theannta sin, bhí na leibhéil a fuarthas do na saintréithe sin scaipthe thar raonta níos leithne ná na raonta a léiríodh sa tábla, go dtí an pointe nár bhain ach suntas teoranta leo maidir le ATFC ‘Miele delle Dolomiti Bellunesi’ a shainaithint agus a shaintréithiú.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

5. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair maidir le saintréithe pailine*

Sonraíocht táirge agus doiciméad aonair

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

‘B. Saintréithe pailine

Tá an speictream pailine ginearálta tipiciúil do speictream flóra sléibhe. mar sin féin, ag brath ar an mbláthfhoinse, ní mór do speictrim phailine na gcineálacha éagsúla ‘Miele delle Dolomiti Bellunesi’ na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

| An cineál meala | Pailin |
|---|---|
| Millefiori (bláth fiáin) | Caisearbhán, teile, crann cnó capaill, róslabhras agus *labiacaea* éagsúla, go príomha |
| Acacia (Acáise) | > 30 % *Robinia pseudoacacia L.* |
| Tiglio (Teile) | > 10 % *Tilia spp*. |
| Castagno (Crann cnó capaill) | > 70 % *Castanea sativa* M. |
| Rododendro (Róslabhras) | > 20 % *Rhododendron spp*. |
| Tarassaco (Caisearbhán) | > 5 % < 30 % *Taraxacum spp*.’ |

Leagan nua:

| | |
|---|---|
| 'An cineál meala | Pailin |
| Millefiori (bláth fiáin) | tipiciúil den limistéar geografach tionscnaimh |
| Acacia (Acáise) | > 15 % *Robinia pseudoacacia L.* |
| Tiglio (Teile) | céatadáin athraitheacha de phailin *Tilia spp*., ach an-íseal beagnach i gcónaí |
| Castagno (Crann cnó capaill) | > 90 % *Castanea sativa* M. |
| Rododendro (Róslabhras) | > 25 % *Rhododendron spp*. |
| Tarassaco (Caisearbhán) | > 5 % *Taraxacum spp*. |
| Drúchtín Meala Foraoise | táscairí maidir le láithreacht drúchtín meala |
| Drúchtín Meala Giúise Gile | táscairí maidir le láithreacht drúchtín meala' |

Cúiseanna:

Tugadh an tábla ina ndéantar achoimre ar na saintréithe pailine cothrom le dáta trí thuairisc ar na ceanglais don dá chineál nua ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a chur leis agus athruithe ar na leibhéil tagartha do na cineálacha eile uile bunaithe ar thoradh anailísí a rinneadh le déanaí agus go háirithe don mhil acáise agus cnó capaill, chun iad a thabhairt i gcomhréir níos dlúithe leis na leibhéil a leagtar síos sna caighdeáin chomhfhreagracha UNI (UNI 11382:2010, UNI 11376:2010 agus UNI 11375:2010).

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

6. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair faoi shaintréithe orgánaileipteacha Athraíodh an tuairisc ar dhea-bholadh 'Miele delle Dolomiti Bellunesi', Millefiori (bláth fiáin)*

Sonraíocht táirge agus doiciméad aonair

Millefiori (bláth fiáin),

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Dea-bholadh mín; cuireann sí an neachtar leitheadach i gcuimhne i roinnt cásanna'

Leagan nua:

'Dea-bholadh: de dhéine mhín nó mheasartha, de ghnáth; cuireann sí an neachtar leitheadach i gcuimhne i roinnt cásanna'

Cúiseanna:

Tar éis na mblianta de sheiceálacha, spreagadh na táirgeoirí chun an paraiméadar sin a athrú chun é a oiriúnú níos fearr dá dtorthaí i gcaitheamh na mblianta nach raibh comhfhreagrach i gcásanna éagsúla.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

7. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair faoi shaintréithe orgánaileipteacha Athraíodh an tuairisc ar chuma 'Miele delle Dolomiti Bellunesi', Castagno (Crann cnó capaill)*

Sonraíocht táirge agus doiciméad aonair

Castagno (Crann cnó capaill)

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Leachtach ar dtús, ansin síoróipeach. Tagann criostail mhóra agus gránú chun cinn.'

Leagan nua:

'uachtarúil, le gránú déanach agus foirmíocht criostal mór i gcruth neamhrialta'

Cúiseanna:

Dealraíonn sé nach léiríonn an tuairisc an cás iarbhír níos mó mar a taifeadadh i gcaitheamh na mblianta de sheiceálacha a bhfuil neamhréireachtaí éagsúla léirithe acu.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

8. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair faoi shaintréithe orgánaileipteacha i ndáil leis an dá chineál meala curtha leis*

Sonraíocht táirge agus doiciméad aonair

Leagan nua:

'Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise)

| | |
|---|---|
| Dath | ó ómra dorcha go dtí dubh, nach mór, agus í ina leacht, donn má tá sí gránaithe |
| Blas | déine mheasartha, fanann sí sa bhéal; milseacht theoranta nó normálta, le blas aigéadach agus goirt uaireanta |
| Dea-bholadh | bogtheo, le ruainnín de roisín go minic |
| Cuma | fanann sí ina leacht ar feadh tamaill fhada, ach féadfaidh sí gránú; glan, bealaithe, leachtach |

Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile).

| | |
|---|---|
| Dath | ó ómra dorcha go dtí beagnach dubh, agus dath glas scothghorm ag teacht uirthi uaireanta |
| Blas | milseacht theoranta nó normálta, aigéadacht normálta, déine mheasartha, cuireann sí braich, panna cotta bainne comhdhlúite, agus caramal i gcuimhne |
| Dea-bholadh | sainiúil, balsamach, adhmadúil, roisíneach, deatúil, súiche |
| Cuma | fanann ina leacht ar feadh tamaill fhada, féadfaidh sí dorchú ar ghránú di, an-bhealaithe de ghnáth' |

Cúiseanna:

Leis an leasú seo, cuirtear saintréithe orgánaileipteacha an dá chineál nua ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' leis an tsonraíocht táirge.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

9. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus, go háirithe, leis an gcéim bhuainte*

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Saothrú: Ag tús thréimhse an bhláthaithe sa chríoch, suiteáiltear uachtair mheala, agus ní mór 'eisiatóirí cráinbheiche' a fheistiú idir an nead agus an chéad uachtar chun cosc a chur ar an gcráinbheach uibheacha a bhreith iontu. Ní féidir an mhil a bhuaint go dtí go mbeidh an mhil a stóráiltear sna cíora meala sna huachtair caidhpeáilte go hiomlán, ar choinníoll go bhfuil an cion taise ceart bainte amach aici. Nuair a bhailítear na huachtair, is féidir na beacha a choimeád amach uathu le modhanna nach ndéanfaidh difear do cháilíocht an táirge, amhail cláir éalaithe nó séidirí, agus níor cheart ceansaitheoirí ná éarthaigh a úsáid ar chor ar bith, mar go bhféadfaidís blas nó boladh coimhthíoch a chur ar an mil.'

Leagan nua:

'Saothrú: Ag tús thréimhse an bhláthaithe sa chríoch, suiteáiltear uachtair mheala, agus ní mór 'eisiatóirí cráinbheiche' a fheistiú idir an nead agus an chéad uachtar chun cosc a chur ar an gcráinbheach uibheacha a bhreith iontu. Déantar an mhil a bhuaint ó na cíora meala sna huachtair an tráth a bhíonn na bláthanna ábhartha di faoi bhláth nó ina dhiaidh sin, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal ceart aibíochta bainte amach aici. Nuair a bhailítear na huachtair, is féidir na beacha a choimeád amach uathu le modhanna nár cheart difear a dhéanamh do cháilíocht an táirge, amhail cláir éalaithe nó séidirí, agus teorainn a chur leis an úsáid a mbaintear as ceansaitheoirí, a choimeádtar an fad is gá ó na huachtair chun iad a chosc ó bhlas nó boladh coimhthíoch a chur ar an mil, cé gur gá iad a úsáid chun an choirceog a bhainistiú go slán agus go héifeachtach. B'fhearr píosaí siúite, rollaí cairtchláir neamhchlóite, snáthaidí péine agus tuí a úsáid sna ceansaitheoirí.'

Cúiseanna:

Is é is cúis leis an leasú nach féidir buaint na gcíora meala ó na huachtair a dhéanamh i gcónaí tar éis dóibh a bheith caidhpeáilte go hiomlán, ós rud é go ngránaíonn siad go tapa agus mar sin is gá iad a bhaint amach go tapa. Tugtar faoi deara freisin ar bhonn níos beaichte go mbraitheann uainiú na buainte ar an leibhéal ceart aibíochta a bheith bainte amach ag an mil.

Déantar an fhéidearthacht de cheansaitheoirí a úsáid chun beacha a choimeád amach a chur leis, ar choinníoll go n-úsáidtear iad ag an bhfad is gá ó na huachtair, agus tugtar tásca ar ábhair le dó sna ceansaitheoirí.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus, go háirithe, leis an gcéim i ndiaidh na buainte*

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Laistigh de 5 lá ar a mhéad ó na huachtair a bhailiú, ní mór an táirge a eastóscadh ó na cíora meala; ní mór eastóscadh a dhéanamh trí lártheifneoiriú agus sin amháin. Ní cheadaítear modhanna eile eastósctha. Cuirtear an mhil a fhaightear an bealach sin i gcoimeádáin speisialta cruach dhosmálta, ar a dtugtar umair shíothlaithe, i ndiaidh scagacháin lena gceadaítear do na gráinní pailine uile sa mhil dul tríd le gur féidir an tionscnamh luibheolaíoch a sheiceáil.'

Leagan nua:

'I ndiaidh na huachtair a bhailiú, ní mór an táirge a eastóscadh ó na cíora meala a luaithe is féidir; ní mór eastóscadh a dhéanamh trí lártheifneoiriú agus sin amháin. Déantar na céimeanna sin ar bhealach a chuirfear cosc ar an riosca gránaithe agus coipthe. Moltar díthaisire atmaisféir a úsáid.

Ní cheadaítear modhanna eile eastósctha. Cuirtear an mhil a fhaightear an bealach sin i gcoimeádáin speisialta cruach dhosmálta, ar a dtugtar umair shíothlaithe, i ndiaidh scagacháin lena gceadaítear do na gráinní pailine uile sa mhil dul tríd le gur féidir an tionscnamh luibheolaíoch a sheiceáil.'

Cúiseanna:

Leis an leasú seo, baintear amach an teorainn ama 5 lá maidir le buaint ó na huachtair, ós rud é nach bhfuil aon fhianaise eolaíoch ann chun tacú leis an gceanglas sin. Ní mór buaint ó na huachtair a dhéanamh a luaithe is féidir chun cosc a chur ar ghránú i mil a bhfuil roinnt mhaith glúcóis inti, nó chun cosc a chur ar an riosca coipthe i gcás ina bhfuil an cion taise ard.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Leasú a bhaineann le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus, go háirithe, an chéim díthaisirithe a chur leis*

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'I ndiaidh eastósctha agus íonúcháin, ní cheadaítear ach oibríochtaí próiseála atá go hiomlán teicniúil agus nach ndéanann difear diúltach do shaintréithe tipiciúla an táirge, amhail gránú spreagtha agus téamh chun sreabhán a dhéanamh den táirge, nár cheart dul thar 40 °C riamh.'

Leagan nua:

'I ndiaidh eastósctha agus íonúcháin, ní cheadaítear ach oibríochtaí próiseála atá go hiomlán teicniúil agus nach ndéanann difear diúltach do shaintréithe tipiciúla an táirge, amhail díthaisiriú, gránú spreagtha agus téamh chun sreabhán a dhéanamh den táirge, nár cheart dul thar 40 °C riamh.'

Cúiseanna:

Tá an próiseas díthaisirithe curtha leis chun an cion uisce in ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a rialú gan difear diúltach a dhéanamh do shaintréithe tipiciúla an táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

12. *Leasú ar Airteagal 8 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.6 den doiciméad aonair*

Sonraíocht táirge

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Tá an fhaisnéis seo a leanas ar an lipéad, a ghníomhaíonn mar shéala chomh maith:

- ☐ ainm an táirge 'Miele delle Dolomiti Bellunesi';
- ☐ an t-acrainm DOP [ATFC] nó na focail Denominazione di Origine Protetta Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint];
- ☐ an glanmheáchan;
- ☐ ainm agus/nó ainm gnó an táirgeora;
- ☐ seoladh an táirgeora agus an áit ina bpróiseáiltear an táirge;
- ☐ uimhir baisce táirgthe; agus
- ☐ dáta ar fearr roimhe an táirge.'

Leagan nua:

'Tá an fhaisnéis seo a leanas ar an lipéad, a ghníomhaíonn mar shéala chomh maith:

- ☐ ainm an táirge 'Miele delle Dolomiti Bellunesi';
- ☐ an t-acrainm DOP [ATFC] nó na focail Denominazione di Origine Protetta Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint];
- ☐ an cineál luibheolaíoch;
- ☐ an glanmheáchan;
- ☐ ainm agus/nó ainm gnó an táirgeora;
- ☐ seoladh an táirgeora agus an áit ina bpróiseáiltear an táirge, más áit éagsúil í;
- ☐ uimhir baisce táirgthe;
- ☐ an dáta íosmharthanachta;
- ☐ lógó ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi';
- ☐ lógó ATFC ginearálta an Aontais;
- ☐ féadfaidh faisnéis roghnach eile chun cuidiú leis an tomhaltóir agus/nó faisnéis cothúcháin a bheith ar an lipéad freisin.'

Doiciméad Aonair

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Tá an lógó le haghaidh ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' comhdhéanta d'fháinne i gcruth neamhrialta leagtha amach mar a leanas: sa chuid uachtair, scríofa i litreacha bána ar bhanda glas tá na focail "MIELE DELLE DOLOMITI BELLUNESI"; taobh istigh den fháinne tá trí stríoc neamhrialta bhuí, ghorma agus ghlasa, agus déantar sceitse de na trí bhinn Lavaredo le braonta meala ag teacht as liach mheala thraidisiúnta; scríobhtar 'D.O.P.' i litreacha buí san íochtar, mar a thaispeántar sa léaráid. Féadtar an fhoclaíocht bhreise 'prodotto della montagna' [táirge sléibhe] a chur leis i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta.'

Leagan nua:

'Tá an lógó le haghaidh ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' comhdhéanta d'fháinne i gcruth neamhrialta leagtha amach mar a leanas: sa chuid uachtair, scríofa i litreacha bána ar bhanda glas tá na focail "MIELE DELLE DOLOMITI BELLUNESI"; taobh istigh den fháinne tá trí stríoc neamhrialta bhuí, ghorma agus ghlasa, agus déantar sceitse de na trí bhinn Lavaredo le braonta meala ag teacht as liach mheala thraidisiúnta; scríobhtar 'D.O.P.' i litreacha buí san íochtar, mar a thaispeántar sa léaráid.'

Cúiseanna:

Tugadh na marcálacha ar na lipéid cothrom le dáta trí chineál luibheolaíoch na meala, lógó ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' agus lógó ATFC ginearálta an Aontais a chur leo, agus cuireadh an dáta íosmharthanachta in ionad an dáta ar fearr roimhe. Rinneadh foráil don fhéidearthacht chun faisnéis roghnach don tomhaltóir agus/nó de chineál cothúcháin agus comhshaoil a chur san áireamh freisin.

Ina theannta sin, baineadh amach an fhéidearthacht den fhoclaíocht 'prodotto di montagna' [táirge sléibhe] a chur leis, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta, ós rud é gur rialacha an Aontais a rialaíonn é sin anois.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

13. *Pacáistíocht eile - Leasú ar Airteagal 8 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.5 den doiciméad aonair*

Sonraíocht táirge

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Coimeádáin ghloine 250 g, 500 g agus 1 kg, a bhfuil claibíní miotail orthu arna séalú leis an lipéad a sholáthraítear do na táirgeoirí sin a dhearbhaigh go nglacann siad go hiomlán leis an tsonraíocht táirge seo agus a chomhaontaigh go rachaidh siad faoi sheiceálacha, a úsáidtear chun 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a phacáil. Ceadaítear freisin an mhil a phacáistiú i bhformáidí riar aonair i ngloine, saicíní, soithí nó coimeádáin eile in ábhair iomchuí.'

Leagan nua:

'Coimeádáin ghloine a bhfuil claibíní miotail orthu arna séalú leis an lipéad a sholáthraítear do na táirgeoirí sin a dhearbhaigh go nglacann siad go hiomlán leis an tsonraíocht táirge seo agus a chomhaontaigh go rachaidh siad faoi sheiceálacha, a úsáidtear chun 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a phacáistiú. Ceadaítear freisin an mhil a phacáistiú i bhformáidí riar aonair i ngloine, saicíní, soithí nó coimeádáin eile in ábhair iomchuí.

Is féidir mil a sholáthraítear don tionscal próiseála bia a phacáistiú i mbuicéid agus drumaí.'

Doiciméad Aonair

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Coimeádáin ghloine 250 g, 500 g agus 1 kg, a bhfuil claibíní miotail orthu arna séalú leis an lipéad a úsáidtear chun 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a phacáil. Ceadaítear freisin an mhil a phacáistiú i bhformáidí riar aonair i ngloine, saicíní, soithí nó coimeádáin eile in ábhair iomchuí.'

Leagan nua:

'Coimeádáin ghloine a bhfuil claibíní miotail orthu arna séalú leis an lipéad a sholáthraítear do tháirgeoirí a úsáidtear chun 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a phacáistiú. Ceadaítear freisin an mhil a phacáistiú i bhformáidí riar aonair i ngloine, saicíní, soithí nó coimeádáin eile in ábhair iomchuí.

Is féidir mil a sholáthraítear don tionscal próiseála bia a phacáistiú i mbuicéid agus drumaí.'

Cúis:

Leis an leasú sin, tugtar isteach níos mó solúbthachta sa rogha coimeádán chun athruithe ar an tionscal pacáistíochta a léiriú agus chun bheith in ann freastal ar aon iarraidh ar choimeádáin ar mhéid éagsúil ón tionscal miondíola bia agus ón margadh.

Leagadh amach an bealach inar féidir an táirge a phacáistiú don tionscal próiseála bia freisin.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

14. *Eile - Leasú ar Airteagal 7 den tsonraíocht táirge. Tugadh tagairtí don chomhlacht rialúcháin cothrom le dáta freisin.*

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Airteagal 7

Tagairtí don chomhlacht rialaithe

Déanann comhlacht rialúcháin faireachán ar chomhréireacht na sonraíochta táirge, i gcomhréir le forálacha Airteagail 10 agus 11 de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle. An comhlacht rialúcháin sin: CSQA Certificazioni Srl – Via San Gaetano, 74 - 36016 Thiene (VI) – Teil. +39-044-531301,1 Facs +39-0445-313070, ríomhphost csqa@csqa.it.'

Leagan nua:

'Airteagal 7 Comhlacht rialúcháin

De bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, seiceálann an comhlacht rialúcháin go gcomhlíonann an táirge ceanglais na sonraíochta táirge. An comhlacht rialúcháin sin: CSQA Certificazioni Srl – Via San Gaetano, 74 - 36016 Thiene (VI) – Teil. +39-0445313011, Facs +39-0445313070 Ríomhphost csqa@csqa.it, ríomhphost deimhnithe csqa@legalmail.it.'

Cúis:

Leis an leasú seo, tugtar an tagairt don reachtaíocht cothrom le dáta agus cuirtear leis na mionsonraí faoin gcomhlacht rialúcháin, rud a chuireann roinnt earráidí ina gceart.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Miele delle Dolomiti Bellunesi'**

**Uimh. AE: PDO-IT-0776-AM01 – 28.9.2023**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Miele delle Dolomiti Bellunesi'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.4. Táirgí eile de thionscnamh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Táirgtear 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' as neachtar ó bhláthanna agus ó dhrúchtín meala i réigiún sléibhtiúil Belluno ag an éicitíopa áitiúil *Apis mellifera*, a thagann as crosphórú nádúrtha fospeiceas éagsúil beach meala, beach na hIodáile agus beach mheala Carniola go príomha; tá sí tar éis dul in oiriúint go han-mhaith do shaintréithe na timpeallachta Alpaí i réigiún Belluno agus tá sí in ann táirgeachtaí maithe meala a sholáthar. Ag brath ar na speicis luibheolaíocha éagsúla a thagann i mbláth nó as a dtagann drúchtín meala, déantar idirdhealú idir na cineálacha 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a leanas: Millefiori (bláth fiáin), Acacia (Acáise), Tiglio (Teile), Castagno (Crann cnó capaill), Rododendro (Róslabhras), Tarassaco (Caisearbhán), Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise) agus Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile).

A. Saintréithe ceimi-fhisiceacha

Ní mór na saintréithe ceimi-fhisiceacha a leanas a bheith ag na cineálacha uile de 'Miele delle Dolomiti Bellunesi': Cion HMF (ar phacáistíocht i gcrúscaí) ≤ 10 mg/kg; Uisce: ≤ 18 %

B. Saintréithe pailine

Tá an speictream pailine ginearálta tipiciúil do speictream flóra sléibhe. Mar sin féin, ag brath ar an mbláthfhoinse, ní mór do speictrim phailine na gcineálacha éagsúla 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh: Millefiore (bláth fiáin) sainiúil don limistéar geografach tionscnaimh; Acacia (Acáise) > 15 % *Crann lócaiste*; Tiglio (Teile) céatadáin athraitheacha de phailin *Tilia spp*., ach an-íseal beagnach i gcónaí; Castagno (Crann cnó capaill) > 90 % *Castanea sativa* M.; Rododendro (Róslabhras) > 25 % *Rododendron spp*.; Tarassaco (Caisearbhán) > 5 % *Taraxacum spp*.; Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise) agus Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile) táscairí maidir le láithreacht drúchtín meala.

C. Saintréithe orgánaileipteacha

Braitheann saintréithe orgánaileipteacha ar an mbláthfhoinse agus dá réir sin bíonn saintréithe difriúla ann do na cineálacha éagsúla meala: Millefiori (bláth fiáin), nó multiflora (bláthanna iolracha): dath buí éadrom go dtí ómra; blas milis, bog, ar dhéine athraitheach; dea-bholadh éadrom, cuireann sí an neachtar leitheadach i gcuimhne i roinnt cásanna; claonadh láidir chun gránaithe (mín agus aonfhoirmeach). Acacia (Acáise) nó Crann lócaiste (Acáise bréagach): dath éadrom go dtí ómra, tréshoilseach; blas fíneáilte, sainiúil, an-mhilis; dea-bholadh nach bhfuil an-shainiúil, féadfaidh sí bláthanna acáise a chur i gcuimhne; leachtach agus beagán moirtiúil de ghnáth, nuair a bhíonn criostail ann, ach ní ghránaíonn sí go hiomlán riamh. Tiglio (Teile): dath athraitheach, ó bhuí go glas éadrom nó ruainnín de dhonn fiú; milis, le hiarbhlas atá beagáinín searbh ach ar éigean a bhraitear é; dea-bholadh úr, sainiúil, blas miontais, balsamach, cuireann sí tae blátha líoma i gcuimhne; cuma uachtarúil, le gránú déanach agus foirmíocht criostal mór i gcruth neamhrialta. Castagno (Crann cnó capaill): dubh-dhonn, idir dath éadrom an ghallchnó go dtí dath an ghallchnó atá beagnach dubh; milseacht theoranta, searbh nó an-searbh, tainneach, géar; dea-bholadh láidir, aramatach, cumhachtach, garbh; leachtach ar dtús, ansin síoróipeach, tagann criostail mhóra agus gránú chun cinn inti. Rododendro (Róslabhras): ó bheagnach gan dath go dtí buí amhail tuí agus í ina leacht, dath éadrom ó bhán go dtí béas éadrom i ndiaidh gránaithe; blas sainiúil, fíneáilte, deas agus séimh; dea-bholadh seasmhach, duilleach, torthaíoch, a fhéadfaidh boladh na mbláthanna a chur i gcuimhne, chomh maith le boladh subh torthaí foraoise nó síoróip siúcra fiú, leachtach ar dtús, éiríonn sí gránaithe i ndiaidh cúpla mí agus éiríonn sí uachtarúil agus mí-ghránaithe. Tarassaco (Caisearbhán): ruainnín buí uirthi agus í ina leacht, buí agus uachtarúil agus í gránaithe, milseacht éadrom go normálta, géarbhlasta de ghnáth, beagán searbh agus géar; dea-bholadh cumhachtach, géar agus seasmhach; gránaíonn sí go tapa ina gcriostail mhíne i gcruth rialta, as a dtagann raimhre bhog agus uachtarúil. 'Melata di Bosco (Drúchtín Meala Foraoise) ó ómra dorcha go dtí dubh, nach mór, agus í ina leacht, donn má tá sí gránaithe; blas ar dhéine mheasartha, a fhanann sa bhéal, le blas aigéadach agus goirt uaireanta; dea-bholadh bogtheo, le ruainnín de roisín go minic, fanann sí ina leacht ar feadh tamaill fhada, ach féadfaidh sí gránú, glan, bealaithe agus leachtach. Melata di Abete (Drúchtín Meala Giúise Gile). ó ómra dorcha go dtí beagnach dubh, agus dath glas scothghorm ag teacht uirthi uaireanta, milseacht theoranta nó normálta, aigéadacht normálta, déine mheasartha, cuireann sí braich, panna cotta, bainne comhdhlúite, agus caramal i gcuimhne; dea-bholadh sainiúil, balsamach, adhmadúil, roisíneach, deatúil, súiche, fanann ina leacht ar feadh tamaill fhada, féadfaidh sí dorchú ar ghránú di, an-bhealaithe de ghnáth.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Maidir le haon chothú próitéine a thugtar do theaghlaigh beach, toirmisctear táirgí ina bhfuil pailin seachas pailin de thionscnamh fíor-áitiúil a úsáid.

I gcleachtas a ghlactar go coitianta, déantar cíora pailine, nó pailin amháin, a bhuaint trí ghaistí agus déantar í a thriomú nó a stóráil i reoiteoir le linn tréimhsí ardtáirgthe pailine agus ansin déantar í a athúsáid i dtréimhsí nach mbíonn pailin ar fáil go héasca

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a tháirgeadh, a láimhseáil agus a phróiseáil sa limistéar geografach a léirítear i 4.

Táirgtear an mhil i gcoirceoga seasta a bhogtar go tréimhsiúil laistigh den chrios táirgthe sléibhe; tarraingítear an mhil amach as na cíora meala go díreach trí lártheifneoir.

Déantar buaint meala i gcéimeanna comhleanúnacha i gcónaí, i ndáil le tréimhsí bláthaithe plandaí, chun táirge aonbhláthach difreáilte a fháil.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Coimeádáin ghloine a bhfuil claibíní miotail orthu arna séalú leis an lipéad a sholáthraítear do tháirgeoirí a úsáidtear chun 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' a phacáistiú. Ceadaítear freisin an mhil a phacáistiú i bhformáidí riar aonair i ngloine, saicíní, soithí nó coimeádáin eile in ábhair iomchuí.

Is féidir mil a sholáthraítear don tionscal próiseála bia a phacáistiú i mbuicéid agus i ndrumaí.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tá an lógó le haghaidh ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' comhdhéanta d'fháinne i gcruth neamhrialta leagtha amach mar a leanas: sa chuid uachtair, scríofa i litreacha bána ar bhanda glas tá na focail "MIELE DELLE DOLOMITI BELLUNESI"; taobh istigh den fháinne tá trí stríoc neamhrialta bhuí, ghorma agus ghlasa, agus déantar sceitse de na trí bhinn Lavaredo le braonta meala ag teacht as liach mheala thraidisiúnta; scríobhtar 'D.O.P.' i litreacha buí san íochtar, mar a thaispeántar sa léaráid.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn limistéar táirgthe ATFC 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' críoch iomlán Chúige Belluno, atá lonnaithe go hiomlán i limistéar sléibhtiúil, agus sliabhraonta timpeall air ar gach taobh, rud a scarann an limistéar táirgthe go nádúrtha ó na cúigí agus ó na réigiúin máguaird agus ón Ostair ar an taobh ó Thuaidh.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an limistéar táirgthe comhdhéanta de réigiún sléibhtiúil, ina bhfuil gleannta agus fánaí arda, ag a bhfuil na dálaí ithreacha, aeráide agus éiceolaíocha atá mar shaintréithe de limistéar Alpach, chomh maith le coillte agus féarthailte fairsinge.

Níl aon suiteáil ollmhór thionsclaíoch, aon dhian-ghníomhaíocht talmhaíochta ná aon bhealach iompair suntasach laistigh den chrios táirgthe, ar foinsí ionchasacha truaillithe a bheadh ann, lena n-áirítear le haghaidh táirgí beach. Leis na dálaí sin, is féidir mil ghlan, fholláin a tháirgeadh, gan truailliú ag trom-mhiotail agus truailleáin chomhshaoil.

Tá na dálaí comhshaoil agus aeráide i réigiún Belluno, amhail meánteochtaí agus meánleibhéil bháistí a fhaightear sna taifid stairiúla, an-difriúil ó na dálaí sna limistéir ísealchríche máguaird, agus ó na meánleibhéil do Réigiún Veneto, agus bíonn tionchar dearfach acu ar thál neachtair, cáilíocht an táirge agus a sheilfré.

A bhuí le teochtaí ísle agus méid ard báistí, tá réigiún Belluno suntasach maidir leis an méid móinéar agus féarthailte atá ann, a bhfuil ról cinntitheach acu chun tacú le flóra Alpach thar a bheith éagsúil an limistéir, a fhásann ar na bunsraitheanna aolchloiche agus dolachloiche, agus lena gcuimsítear os cionn 2 200 speiceas (aon trian de speicis phlandaí chríoch iomlán na hIodáile), lena gcuirtear ar a gcumas do na beacha na foinsí planda is fearr a roghnú chun neachtar agus pailin a bhailiú uathu.

Bhain Sléibhte Dolaimíte Belluno cáil amach na céadta bliain ó shin as saibhreas bláthach a gcuid móinéar agus féarthailte Alpacha; tá méid agus cineál áirithe an fhlóra sin ar cheann de na príomhchúiseanna eolaíochta le haitheantas náisiúnta agus réigiúnach, agus ón Aontas, do pháirceanna Belluno.

I measc na gcrann ardfháis, tá tábhacht ollmhór ag baint leis na coillte learóg, feánna, péine Albanach agus sprús dearg atá sainiúil don limistéar. Tá foraoisí dlútha de chrainn leathanduilleacha agus buaircíneacha ar feadh íochtar na n-éadan carraige, agus móinéir mhór-airde ina bhfuil saibhreas flóra, lena n-áirítear speicis eindéimeacha, amhail róslabhras, feochadán, edelweiss agus plandaí sléibhe eile. Sna gleannta, tá éagsúlacht mhór i gceist le plandaí soithíocha réigiún Belluno, atá comhdhéanta de 1 400 eintiteas, agus is fiú cuid mhór díobh a thaifeadadh, ós rud é go bhfuil siad eindéimeach, annamh nó thar a bheith tábhachtach maidir le tíreolaíocht plandaí.

Tá raon leathan speiceas sa flóra measctha féarach agus crainn, ar speicis iad a mheastar atá i measc na gcinn is fearr i dtéarmaí beachaireachta agus pailine, amhail an acáise bhréagach, an róslabhras, an caisearbhán, an teile, fraoch agus seamair, chomh maith leis an liosta fada speiceas a chomhdhéanann mil blátha fiáine.

Bhí an bheachaireacht ina gníomhaíocht choiteann i sléibhte Belluno i gcónaí, fiú tamall an-fhada siar, nuair a bhí ardscileanna de dhíth ar tháirgeoirí chun mil a bhuaint, agus ciseáin gharbha á n-úsáid acu, ionas nach scriosfaí coilíneacht iomlán na mbeach.

Fiú amháin i dtréimhsí deacra, bhí an bheachaireacht á cleachtadh go forleathan sa chríoch, agus coirceoga bunúsacha á n-úsáid. Éascaíodh táirgeacht meala le tabhairt isteach nuálach na coirceoige Dadant, ach is tionscal baile i gcónaí í an bheachaireacht i sléibhte Belluno, fiú sa lá atá inniu ann, agus teastaíonn scileanna sonracha chun na coirceoga a shuíomh agus a rialáil, chun coilíneachtaí a chosaint agus a fhorbairt, maidir le modhanna buainte agus roghnú na tréimhse chun difreáil a dhéanamh idir cineálacha meala as bláthfhoinsí éagsúla, chomh maith le teicnící stórála.

I láthair na huaire, oibríonn formhór na mbeachairí i ngleannta Belluno agus Feltrina, agus tá an-chuid táirgeoirí ar airde mhór a dhéanann mil a bhfuil an-mheas uirthi, amhail mil róslabhrais.

Léiríonn an mhil aonbhláthach speicis an limistéir, a mheastar go bhfuil siad i measc na gceann is fearr ó thaobh na beachaireachta de i dtéarmaí táirgeadh pailine agus neachtair, amhail acáise/acáise bhréagach, róslabhras, caisearbhán, teile agus crann cnó capaill, nach bhfaightear a bhformhór díobh sin ach amháin i gcríocha sléibhte, agus ar an gcúis sin a fhágtar go bhfuil meas ar 'Miele delle Dolomiti Bellunesi'. Táirgtear an cineál Bláth Fiáine trí éagsúlacht mhór speiceas Alpach a úsáid, arna roghnú ag na beacha as níos mó ná 2 200 speiceas atá sainiúil de shléibhte Belluno.

I dteannta a 'saibhreas bláthach', tá cáilíocht 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' bunaithe ar thosca bunúsacha eile, amhail a híonacht, a folláine agus a seilfré fhada, rud a léirítear freisin lena cion íseal HMF. Tá na tosca sin inchurtha i leith an limistéir gheografaigh agus saineolas na dtáirgeoirí áitiúla.

Leis an timpeallacht shléibhtiúil Alpach, a bhfuil teochtaí ísle, méid ard báistí agus ithir dholaimíteach mar shaintréithe aici, agus lena gcumasaítear do raon éagsúil flóra alpach fás, flóra atá comhdhéanta de chrainn agus féara atá thar a bheith spéisiúil ó thaobh na beachaireachta de, fágtar gur limistéar an-mhaith é réigiún Belluno chun mil luachmhar a tháirgeadh as speicis plandaí nach mbíonn le fáil ach i dtimpeallacht Alpach, shléibhtiúil amháin nó sa timpeallacht sin den chuid is mó.

Bíonn tionchar dearfach ag na teochtaí ísle ar feadh na bliana, atá i bhfad níos ísle ná na meánteochtaí réigiúnacha nó náisiúnta, ar cháilíocht agus ar sheilfré na meala, ós rud é go gcuireann siad cosc ar choipeadh aimhrialta agus go bhfágann siad gur féidir cáilíochtaí orgánaileipteacha an táirge agus a chomhábhair a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide.

Ós rud é nach mbíonn brú rómhór ó dhaoine (i dtéarmaí áitritheoirí, tionscail agus bealaí iompair) i gceist, agus i bhfianaise leithlisiú tipiciúil an limistéir sléibhte agus, thar aon ní eile, scil na dtáirgeoirí chun rud ar ceardaíocht é i gcónaí a chur i gcrích, déantar táirge atá níos íne agus níos folláine ná mar a dhéanfaí i limistéir ísealchríche.

Leis an mbeachaireacht, a bhí forleathan i limistéar Belluno i gcónaí, anuas ar chur le hioncam a áitritheoirí, soláthraíodh cúltaca fuinnimh le húsáid mar bhia i míonna leithlisithe an gheimhridh agus mar ábhar milsithe chun críche cócaireachta agus oidis áitiúla thraidisiúnta éagsúla á n-ullmhú. Tá 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' á margú faoin ainm sin le os cionn 35 bliana agus cuireadh isteach in an-chuid aontaí agus imeachtaí áitiúla talmhaíochta í faoin ainm sin ó bhí na 1980idí ann, mar a léirítear leis an iliomad dioplómaí, grianghraf de tháirgeoirí ag cruinnithe beachaireachta agus alt preasa ó na 1980idí. Is dearbhú ar chlú an ainm 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' faoi bhrandaí agus lipéid éagsúla iad grianghraif ón tréimhse chéanna. Úsáideadh 'Miele delle Dolomiti Bellunesi' i gcónaí i roinnt mhaith mias tipiciúil, mar chomhábhar i milseoga agus in arán atá sainiúil do Cadore agus Ampezzo, chomh maith le sa licéar meala tipiciúil agus mar thionlacan do cháiseanna áitiúla. Tá an-tóir ar an táirge anois i measc tomhaltóirí, go háirithe turasóirí, a shainaithin na tréithe ar leith lena ndéantar éagsúil é agus a cheannaíonn é agus iad ar laethanta saoire le hithe ó cheann ceann na bliana, agus é á thabhairt ar ais acu chuig na réigiúin eile uile san Iodáil.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.politicheagricole.it/flex/files/1/3/e/D.77c39e9f90679ca651d4/disciplinare__Miele_delle_Dolomiti_Bellunesi_06.23.pdf